

# Polasaí Iontrála

Coláiste Dara Leibhéal, atá suite i nGaeltacht Chorr na Móna, Co. na Gaillimhe, is ea Coláiste Naomh Feichín ina ndéantar oideachas iar-bhunscoile a sholáthar do chailíní agus do bhuachaillí ó cheantar Dhúiche Sheoigheach go Rinn Mhaoile. Tá an Choláiste faoi iontaobhas Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe.

## **Ráiteas Misin**

I gColáiste Naomh Feichín déantar gach dícheall timpeallacht shlán shábháilte a chruthú ina ndéantar oideachas a sholáthar ag díriú ar fhorbairt acadúil, sóisialta agus cultúrtha na scoláirí. Tabharfar aitheantas do thréithiúlacht ar leith na scoláirí agus déanfar iad a oiliúint le bheith ina saoránaigh measúla, réasúnachta, fiúntacha.

Tá béim ag an gColáiste ar fhorbairt an duine ina iomláine, trí aire a dhíriú ar ghnéithe morálta, sóisialta, fisiceacha, mothúnach, creidimh agus intleachtach an scoláire. Ní dhiúltófar cead isteach d'éinne de bharr cúlra clainne nó cumas acadúil, ach amháin ina gcás siúd a bheadh mar bhagairt ar leas scoláirí eile.

## **Achtanna ábhartha**

Diríonn Bord Bainistíochta an Choláiste aire ar na hAchtanna ábhartha seo a leanas agus an Pholasaí seo á dhréachtú:

- An tAcht Oideachais 1998
- An tAcht Oideachais Leasa 2000
- An tAcht Comhionannais 2000
- An tAcht Riachtanais Speisialta 2004

Cuspóir an Pholasaí seo: a chinntiú go gcaithfear go cóir agus go cothrom le gach scoláire a dhéanann iarratas iontrála de réir an Achta Oideachais agus Oideachas Leasa agus de réir fealsúnacht oideachais an Choláiste.

## **Earcaíocht Scoláirí**

- ◆ Cuairt an Príomhoide ar na Bunscoileanna ins na ceantair thuasluaite
- ◆ Oíche Eolais sa gColáiste do Rang 6 agus a dTuismitheoirí/  
Caomhnóirí
- ◆ Réamheolaire agus Foirm Iontrála scaipthe

## **Critéir Iontrála – Bliain 1**

- Scoláirí a bheith dhá bhliain déag d'aois ar an 1ú Eanáir tar éis tosnú sa Chéad Bliain
- Scoláirí a bhfuil Rang 6 críochnaithe acu sa mBunscoil
- Scoláirí ó Bhunscoileanna na gceantair thuasluaite

## Coláiste Naomh Feichín

- Foirm Iontrála oifigiúil comhlánaithe, mar aon le gach cáipéis a iarrtar, a bheith fáighte ag an gColáiste ar nó roimh an spriocdháta luaite ar an bhFoirm. Cuirfear stampa an Choláiste agus an dáta ar gach Foirm nuair a fáightear sa gColáiste iad.

### **Foirm Iontrála – Bliain 1**

Tá sé tábhachtach go gcuirfidh an t-eolas seo a leanas ar fáil ar an bhFoirm Iontrála:

- Ainm, seoladh agus uimhir PPS an scoláire
- Dáta breithe agus tír in ar rugadh an scoláire – Teastas Breithe le cur ar fáil
- Ainmneacha na dTuismitheoirí/Caomhnóirí
- Sloinne an mháthair roimh phósadh
- Uimhreacha teileafóin baile agus fóin póca
- Daoine ón gclann a d'fhreastal nó atá ag freastal ar an gColáiste
- Eolas faoin mBunscoil agus blianta a d'fhreastal air
- Eolas faoi Riachtanais Speisialta
- Iarratas ar chead Tuismitheora/Caomhnóra chun cóip do Measúnú Siceolaíochta (más ann dó) a fháil ó Phríomhoide na Bunscoile
- Eolas ar Chúrsaí Sláinte: ainm agus uimhir teileafóin an dochtúra, cárta leighis, fadhbanna sláinte, ailléirige, &rl.
- Aon eolas ábhartha eile

### **Glacadh le Scoláirí ?????**

Laistigh de fiche h-aon lá tar éis an spriocdháta iontrála, cuirfidh bainistíocht an Choláiste in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuil nó nach bhfuil glactha leis an iarratas. Cuirfear Cód Iompair an Choláiste chucu siúl a bhfuil áit tairiscinte dóibh agus taobh istigh de deich lá beidh ar scoláirí agus thuismitheoirí/caomhnóirí é a shíniú agus a cuir ar ais le deimhniú cinnte sínithe go bhfuil siad ag glacadh leis an taisiscint.

Má bhíonn an líon iarratais fáighte roimh nó ar an spriocdháta níos mó ná mar atá an Coláiste inann freastal orthu, ceal spáis agus/nó ceal acmhainní daonna/áiseanna, tabharfar tús áite san ord tosaíochta mar seo a leanas:

- Scoláirí ó Bhunscoileanna Dhúiche Sheoigheach go ceantar Rinn Mhaoile (first come basis ??????)
- Scoláirí le deartháir nó deirfiúr sa gColáiste anois nó san aimsir chaite
- Mac nó iníon le thuismitheoir a d'fhreastal ar an gColáiste

### **Riachtanais Speisialta Oideachasúla**

- ◆ Beidh eolas ar Riachtanais Speisialta curtha ar fáil ar an bhFoirm Iarratais
- ◆ Le cead tuismitheoirí/caomhnóirí, déanfar teagmháil leis an Bunscoil le tuairiscí siceolaíochta an scoláire a fháil
- ◆ Iarrfar tuairisc oideachais agus cúnamh a cuireadh ar fáil
- ◆ Iarrfar cóip de thuairiscí leighis, más ábhartha
- ◆ Déanfar gach iarracht freastal ar riachtanais speisialta gach scoláire
- ◆ Cuireann an Bord Bainistíochta in iúl áfach, go mbraitheann cead iontrála do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais nó míbhuntáistí ar acmhainní riachtanacha a bheith ar fáil sa gColáiste
- ◆ Go dtí go gcuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna acmhainní cuí ar fáil leis an gColáiste a chuir in oiriúint do scoláire(í) le riachtanais speisialta, cuirfear iarratais ar athló

### **Aistriú ó Scoil eile**

Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh, sula nglacfar le h-aon iarratas do scoláire atá ag iarraidh aistriú ó scoil iarbhunoideachais eile:

- Na h-ábhair cuí a bheith ag an scoláire chun curaclam na scoile a leanacht, nó na h-ábhair atá an scoláire a iarraidh a thógáil a bheith ar fáil sa gColáiste
- An Bord Bainistíochta a bheith sásta go mbeidh an t-aistriú tairbheach don scoláire
- Spás a bheith sa rang
- An Bord Bainistíochta agus bainistíocht an Choláiste a bheith sásta leis na cúiseanna aistrithe
- Deimhniú a bheith fáighte ón scoláire agus tuismitheoirí/caomhnóirí go nglacann siad le Cód Iompair agus Polasaithe eile an Choláiste

### **Foirm Iontrála – Aistriú ó Scoil eile**

I gcás scoláire atá ag déanamh iarratas ar aistriú ó scoil iarbhunoideachais eile, beidh mórchuid do'n t-eolas atá ar Fhoirm Iontrála – Bliain 1 ag teastáil, móide na nithe seo a leanas:

- Cúis aistrithe i scríbhinn.
- Tuairisc ar thinreamh, dul chun cinn oideachasúil, iompar scoile, comhoibriú le foireann scoile agus comhscoláirí agus rogha ábhair.
- Tuairiscí scoile don bhliain roimhe agus torthaí Réamhscrúduithe agus Scrúduithe Stáit, más ann dóibh.
- Tuairisc ar riachtanais speisialta agus measúnú siceolaíochta, más ann dóibh.

Tá ceart ag Bord Bainistíochta an Choláiste iarratas ar aistriú a dhiúlú má mheasann sé:

- i. Go ndéanfaidh an t-aistriú dochar do leanúnacht oideachais an scoláire
- ii. Go mbeadh tionchar aimhleasach ag an scoláire ar ord agus cúrsaí smachta an Choláiste
- iii. Go mbeadh droch-thionchar ag an scoláire ar dhul chun cinn oideachasúil na scoláirí atá sa gColáiste faoi láthair
- iv. Go mbeadh sé aimhleasach do shláinte agus sábháilteacht na scoláirí/foireann scoile atá sa gColáiste
- v. Cúrsaí eisceachtúla

### **Ceart Achomhairc**

I gcás go ndiúltaítear cead iontrála do scoláire, tá ceart achomhairc ag tuismitheoirí/caomhnóirí faoi Alt 29 de'n Acht Oideachais 1998.

### **Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Is faoin Bord Bainistíochta agus bainistíocht shinsir an Choláiste, i gcóir le foireann agus tuismitheoirí/comhnóirí an Choláiste, an polasaí seo a chuir i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air. Déanfar athbhreithniú air roimh deireadh 2014 nó níos luaithe má bhíonn gá.

### **Faofa ag Bord Bainistíochta an Choláiste:**

---

Siniú an Chathaoirligh

---

Dáta

*Coláiste Naomh Feichín endeavours to create a safe, secure environment for staff and students in which education in a holistic sense will be provided, focusing on the students' academic, social and cultural development. The students' uniqueness and individuality will be recognised and nurtured so that they become respectful, balanced and valuable members of society.*

**Bunscoileanna a dhéanann freastal ar Choláiste Naomh Feichín**

Scoil Mhuire, Corr na Móna  
Scoil Naomh Pádraig, An Chloch Bhreac  
Scoil Naomh Pádraig, An Fháirche  
Scoil Naomh Iosaf, Cunga  
Scoil Bhríde, Tír na Cille, An Mám  
Scoil ???????, An Lionán  
Scoil ????????, Leitir Geis  
Scoil ????????, Tulach na Croise, Rinn Mhaoile  
Scoil ????????, Nead an Iolair, Rinn Mhaoile  
Scoil ????????, Leitir Fraic